Raidió Fáilte

Folúntas Poist: Irischraoltóir Cúnta

Tá **Raidió Fáilte** Teo ar lorg duine freagrach, díograiseach le bheith ina **Irischraoltóir Cúnta** agus sa rannóg nuachta/cúrsaí reatha Raidió Fáilte**.** Beidh an té a cheapfar faoi stiúir an Phríomhirischraoltóra agus Bainisteoir an Stáisiúin.

Is deis iontach é seo ina dtig leis an té a cheapfar na scileanna gairmiúla irischraoltóireachta agus an gean don Ghaeilge a chur le chéile ar son phobal mór na Gaeilge i mBéal Feirste (agus níos faide i gcéin ar líne) agus ardú a thabhairt dá nguth.

Cuspóir an phoist
Is é is cuspóir den ról seo, Raidió Fáilte mar stáisiún raidió pobail atá tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn trí chraoltóireacht raidió ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun sochar na seirbhíse raidió pobail agus chun stádas na Gaeilge sa tsochaí a chothú agus a neartú. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar shuim agus de leas phobal na Gaeilge.

Tá muid ar lorg duine leis na tréithe seo;

- Ardscileanna cumarsáide le Gaeilge agus Béarla den scoth, idir scríobh agus labhairt.
- Tuiscint faoi leith ar shaol cultúrtha na tíre, ar phobal na Gaeilge agus na nGaeltachtaí.
- Fiosrach agus tuiscint faoi leith ar nuacht agus cúrsaí reatha, ar an chóras rialtais agus ar chúrsaí polaitíochta ar bhonn áitiúil/náisiúnta/idirnáisiúnta.
- Taithí ar an chraoltóireacht/iriseoireacht nuachta agus ar chúrsaí i leith na teanga.
- Taithí de bheith ag feidhmniú mar bhall foirne, go hídéalach, le foireann craoltóireachta nuachta/cúrsaí reatha.
- Féinspreagtha agus díograiseach.
- Ardscileanna idirbheartaíochta, cinnteoireachta agus réitigh fadhbanna.
- Ardscileanna idirphearsanta, eagrúcháin, coimeád ama agus bainistiú ama.

Teideal an phoist	Irischraoltóir Cúnta
Freagrach do	An Bainisteoir Stáisiúin, Príomh-irischraoltóir Nuachta & Cúrsaí Reatha
Suíomh oibre	Raidió Fáilte, 30 Sráid Dhubhaise, Béal Feirste, BT12 4AL
Tuarastal	**£23,400.00 stg** sa bhliain (+ pinsean de 5%) *(Tá an post seo maoinithe ag The Rank Foundation go ceann bliana le féidearthacht go sínfear amach an tréimhse)*
Uaireanta/Laethanta oibre	37.5 uair sa tseachtain. Gnáth-uaireanta oibre: Luan-Aoine ó 9.00-5.00, le sos 30 bomaite gan phá in aghaidh an lae. *(Beidh uaireanta oibre taobh amuigh de na gnáth-uaireanta de dhíth)*
Tréimhse	Post bliana le féidearthacht ar shíneadh
Laethanta saoire	28 lá sa bhliain agus laethanta poiblí (nó pro rata)
Dáta druidime	Luan 12ú Lúnasa 2024 ag 5.00in (*Táthar ag súil leis na hagallaimh phoist a dhéanamh* ***<u>an tseachtain dar gcionn</u>***

Príomhdhualgais an phoist

Cúrsaí nuachta agus craoltóireachta

- Bheith ag cuidiú le gach gné de sheirbhís nuachta agus cúrsaí reatha d'ardchaighdeán a chur ar fáil don sceideal raidió ar bhonn laethúil.
- Bheith ag láithriú agus ag léiriú clár nuachta.
- Bheith ag pleanáil míreanna nuachta/cúrsaí reatha, ag déanamh taighde chuí.
- Bheith ag comhlíonadh tascanna ar son na foirne nuachta (i gcomhar leis an Phríomh-irischraoltóir agus leis an Bhainisteoir Stáisiúin).
- Bheith ag eagrú go héifeachtach, ag scriptcríobh, ag scéalscríobh agus ag cur i gcrích i bhfoirm chraoltaí nuachta/cúrsaí reatha raidió agus i bhfoirm eile (nuair is iomchuí) - iad bunaithe ar théamaí reatha agus ar agallaimh a chur ar dhaoine cuí.
- Bheith ag cuidiú le seirbhís achoimreach de chinnlínte nuachta agus aimsire a chur ar fáil gach maidin / tráthnóna agus ag cur clár achoimreach ar an chuid is fearr de chláir nuachta na seachtaine sin ar fáil gach Aoine.
- Bheith ag soláthar agallamh beo agus réamhthaifeadta.
- Bheith ag tuairisciú agus ag soláthar míreanna anailíse do ghné-chláracha agus cláracha ginearálta.
- Bheith ag cuidiú le stiúradh tionscadail léiriúcháin raidió speisialta ar nós clár faisnéise, sraith siamsa nó oidhreachta.
- Bheith eolach agus airdeallach ar na dlíthe a bhaineann le craoltóireacht (M.sh. Athiomrá, aithisiú, cóipcheart agus eile) ar chód craolacháin OFCOM.
- Bunachar sonraí teagmhála a thógáil faoi na rialacha um Chosaint Sonraí faoi scéimeanna éagsula.

Ag stiúradh rannóg nuachta/cúrsaí reatha Raidió Fáilte

- Bheith ag feidhmniú mar irischraoltóir cúnta ar an fhoireann nuachta – ag cuidiú le dualgaisí agus obair na foirne nuachta a bhaint amach.
- Bheith ag cuidiú le foireann nuachta Raidió Fáilte a thógáil ó ábhair chraoltóirí agus i measc chraoltóirí deonacha an stáisiúin (i gcomhar le Rannóg Nuachta Raidió Failte agus leis an Bhainisteoir Stáisiúin).
- Bheith ag cuidiú le pleanáil clár raidió – le béim ar ardán a chur ar fáil agus ar chothroime a bhaint amach (i gcomhar leis an Bhainisteoir Stáisiúin).
- Bheith ag ardú próifíle agus ag feabhsú caighdeáin soláthraithe nuachta agus cúrsaí reatha Raidió Fáilte sa ré dhigiteach seo (i gcomhar leis an fhoireann nuachta agus leis an Bhainisteoir Stáisiúin).
- Bheith ag cuidiú le mór-chraoltaí a eagrú ar ócáidí móra ar leith – mórshiúlóidí Gaeilge, lá an chomháirimh, an t-Oireachtas, agus tuilleadh nach iad (i gcomhar leis an fhoireann nuachta agus leis an Bhainisteoir Stáisiúin).
- Bheith ag cuidiú le craoltaí seachtracha a phleanáil agus a chur i gcrích (i gcomhar le baill eile foirne/oibrithe deonacha agus i gcomhar leis an Bhainisteoir Stáisiúin);
- Bheith ag plé le córas cartlainne Raidió Fáilte chun go mbeidh an t-ábhar uilig ar fáil do bhaill eile foirne, do mhic léinn agus do thaighdeoirí.

Oiliúint a sholáthar (i gcomhar le baill eile den fhoireann)

- Bheith ag cuidiú le hoiliúint a chur ar oibrithe deonacha/traenálaithe maidir le scileanna craoltóireachta/iriseoireachta – cúrsaí/ceardlanna traenála.

Cúrsaí digiteacha agus na meáin úra

- Ábhair a eagrú chun míreanna fuaime agus scríofa a chur ar fáil don tsuíomh idirlín www.raidiofailte.com (nuair is iomchuí); ag uasdátú go rialta i gcomhair le teicneoirí an stáisiúin, do mheáin shóisialta Raidió Fáilte agus do na nuachtáin áitiúla agus náisiúnta nuair is gá.
- Bheith ag cur le solathar nuachta na seirbhíse trí úsáid a bhaint as cur chuige ilmheáin (scéalta ar-líne, podchraoltaí, blagáil, meáin shóisialta, srl).

Beidh na dualgais ghinearálta seo a leanas le chomhlíonadh (*ní liosta críochnaitheach é seo*):

- Bheith ag cuidiú chun an nasc agus an caidreamh le Raidió na Life (nó le haon stáisiún raidió pobail lán-Ghaeilge eile) a fhorbairt agus a neartú trí scileanna, míreanna fuaime srl a roinnt;
- Bheith ag cuidiú chun pobail a chumasú i leith na craoltóireachta Gaeilge (i gcomhar leis an Bhainisteoir Stáisiúin agus Oifigeach Traenála Raidió Fáilte.
- Bheith ag ionadaíocht thar cheann an stáisiúin ag mór-ócáidí agus imeachtaí in earnáil na Gaeilge.
- Bheith ag cuidiú le gnáth-reáchtáil laethúil an stáisiúin mar is gá.
- Bheith ag idirghníomhú le baill eile foirne agus le hoibrithe deonacha an stáisiúin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an fhoirgneamh/ar an fhoireann de réir riachtanais.
- Bheith ag obair faoi réir bheartais na heagraíochta agus ag comhlíonadh dualgaisí mar oibrí Raidió Fáilte– m.sh. Cumhdach, Sláinte & Sábháilteacht, Cosaint Sonraí srl. ag tabhairt faoi thraenáil chuí nuair is gá.
- Bheith ag cuidiú le hábhair a ullmhú agus a chur ar fáil le haghaidh comórtais agus gradaim chraoltóireachta - Féile na Meán Ceilteach, Gradaim Raidió Pobal agus tuilleadh nach iad.
- Dualgais réasúnta eile a ardaíonn ***an bainisteoir*** ó am go chéile a chomhlíonadh.

Sonraíocht faoi Phearsa

Scileanna / Taithí - Riachtanacha

- Gaeilge den scoth idir labhairt agus scríobh.
- Taithí bliana de bheith ag obair mar iriseoir / chraoltóir sna meáin
- Taithí agus/nó cáilíochtaí maidir le TF (*IT*), ina measc sin, Microsoft Office/365 (Excel, Word, Outlook, One), Feidhmchláir Google, srl.

Scileanna / Taithí - Inmhianaithe

- Cáilíocht(aí) san iriseoireacht / chraoltóireacht raidió.
- Scileanna eagrúcháin den scoth agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin nó mar chuid d'fhoireann léiriúcháin.
- Tuiscint faoi leith ar shaol cultúrtha na tíre, ar phobal na Gaeilge agus na nGaeltachtaí agus an tseirbhís a chuireann Raidió Fáilte ar fáil don phobal sin.
- Scil agus spéis sa nua-theicneolaíocht agus in úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun críche nuachta, chun ábhar a sheachadadh agus chun cur leis an lucht éisteachta.
- Taithí de bheith ag tuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha.
- Taithí de bheith ag láithriú cláir raidió.
- Taithí de bheith ag léiriú cláir raidió.
- Taithí de bheith ag podchraoladh.
- Taithí de bheith ag soláthar pacáistí nuachta.
- Taithí de bheith ag forbairt téamaí.
- Eolach ar phobal na Gaeilge – i mBéal Feirste go háirithe, fud fad Chúige Uladh agus níos faide i gcéin.
- Láncheadúnas tiomána agus teacht ar charr.

Níl na dualgais ná na freagrachtaí mar a bhaineann leis an phost seo críochnaitheach ná sriantach agus is féidir iad a athrú de réir mar a athraíonn riachtanais na heagraíochta.